



Cód Iompar d'Imreoirí óga:

Aidhm na gcluichí ná spóirt a bheith agat, feabhas a chur ar do chuid scileanna agus a bheith folláin.

- *Imir go cóir ar mhaithe le spraoi agus a bheith mar pháirt de chlann an CLG*
- *Déan do dhícheall agus imir de réir na rialacha.*
- *Imir le foighid.*
- *Bí spóirtiúl. Bíodh meas agat ar shár-imirt de shaghas ar bith. Ná bí ag eascaí ar an bhfoireann eile, ar oifigigh, ar thraenáilaithe ná ar bhainisteoirí.*
- *Bíodh meas agat ar do chó-imreoirí agus imreoirí ar fhoirne eile, is cuma má imríonn siad go maith nó nach n-imríonn.*
- *Ná déan bulaíocht ar aon imreoir ná ar éinne eile. Ní ghlacfar leis. Tá cúnamh ar fáil dhom má tá bulaíocht a dhéanamh orm*
- *Is í an ghaeilge teanga an chumainn agus an cheantar. Labhraím i gcónaí í agus beidh meas agam uirthi.*
- *Is spóirt foirne é an Pheil Ghaelach agus caithfidh tú có-oibriú le do thraenáilaithe, imreoirí agus baill eile den Chlub.*
- *Glac le cinneadh an réiteora. Is féidir le do chaitaen nó do thraenálaí ceisteanna a chur.*
- *Glac buíochas leis an bhfoireann eile agus an réiteoir tar éis an chluiche.*
- *Páirt den spóirt is ea buachaint agus cailleadh. Bí ómasach nuair a bhuann tú agus nuair a chailleann tú.*
- *Déan freastal ar chuile seisiún traenála.*
- *Déanfaidh mé breis chleachtadh ar mo chuid scileanna sa mbaile.*
- *Cur in iúl do bhainistíocht na foirne roimhré i gcónaí munar féidir a bheith i láthair le haghaidh traenála nó cluichí.*
- *Cuimhne go bhfuil tú ag imirt ar do shon féin, ar son do chumann, do chlann agus an CLG.*

Coiste Peile na nÓg na Ceathrún Ruaidh



Cód Iompar do thuismitheoirí

- *Cuimhnigh go n-imríonn daoine óga ar mhaithe leo féin, ní ar mhaithe leatsa amháin.*
- *Tabhair tacaíocht dod' chlann na rialacha a leanacht i gcónaí.*
- *Inis dod' pháiste go bhfuil iarracht chomh tabhachtach le buachaint agus nach gá a bheith brónach tar éis cluiche is cuma cén toradh.*
- *Tabhair tacaíocht do na páistí scileanna agus cothram na féinne a chur chun cinn.*
- *Déan breis chleachtadh le do mhac/iníon sa mbaile.*
- *Ná bí ag tabhairt amach faoi, nó le páiste ar bith as ucht botún a dhéanamh nó cluiche a chailleadh.*
- *Ná cur béim ar chluiche a bhuachaint thar aon rud eile.*
- *Is í an ghaeilge teanga an chumainn agus an cheantar. Cuirfidh mé é seo ina luí ar mo ghasúr.*
- *Déan iarracht drochúsáid teanga a ghearradh amach as spórt an CLG i gcónaí.*
- *Ná bain úsáid as droch fhoclaíocht nó ná bí ag cur as do réitóirí, traenáilthe nó imreoirí.*
- *Tuismitheoirí, déan cinnte go n-iompraíonn do mhac/d'iníon iad féin go múinte i gcónaí ag traenáil, ag cluichí, ar bhusanna chuig cluichí nó aon imeacht de chuid an chumainn. Déan cinnte go leanann siad aon treoír a thugtar dóibh ón duine fásta atá i gceannas.*
- *Glacaim leis go gcaithfidh mo pháiste Cosain Fiacla a chaitheamh ag traenáil agus ag cluichí agus nach mbeidh sé/sí in ann imirt ná traenáil gan ceann.*
- *Glacaim leis nach féidir ach cúram fisiteiripe an chumainn a usáid le gortaithe mo mhac/iníon gan treoír a fháil ó dhochtúir i dtosach agus caithfear é a chur in iúl do bhainisteoir an fhoireann sula ndéanfar coinne.*
- **Tabhachtacht:** *Tuigim nach n-íocfaidh CLG na Ceathrún Ruaidh aon chostaisí ospidéal/leighis/fiaclóra muna bhfuil na foirmeacha cuí árachas líonta amach agam taobh istigh de 30 lá. Tá an freagracht go h-iomlán ar an thuismitheoir é seo a chuinntiú. Tá an fhoirm árachais le fáil ó 0861 050970.*

Glacaim go bhfuil mé freagrach as mo iompar agus as iompar mo mhac/iníon le CLG na Ceathrún Ruaidh agus má sháirim nó mo mhac/iníon an Cód Iompar is féidir é sin a cheartú trí chéimeanna an Pholasaí Iompar.

Síniú

Tuismitheoir/Caomhnóir:

Dáta:

